An Roinn Oideachais agus Scileanna

Cigireacht Ábhair ar an nGaeilge
TUAIRISC

Coláiste Cois Siúire
Móin Coinn, Co. Chill Chainnigh
Uimhir Rolla: 70620C

Dáta na cigireachta: 24 Aibreán 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA GHAEILGE

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta(í) na cigireachta	24 Aibreán
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith 5 thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, chumarsáide agus mhúinte go maith ar an iomlán le linn na ranganna a breathnaíodh.
- Bhí réimse gníomhaíochtaí mar chuid de na ceachtanna a breathnaíodh agus moltar an úsáid a baineadh as teicneolaíocht faisnéise agus na cumarsáide (TFC) i gcásanna áirithe.
- Bhí úsáid obair bheirte le feiceáil le linn roinnt ceachtanna.
- Déantar iarrachtaí fónta sa scoil na scoláirí a mhealladh chun staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge ag an leibhéal is airde de réir a gcumas agus tá líon na scoláirí a thugann faoin ardleibhéal sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit le moladh.
- Moltar an obair a rinneadh ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge go dáta.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Moltar níos mó fíordheiseanna cumarsáide sa sprioctheanga a chruthú do scoláirí le linn na ranganna Gaeilge ionas gur féidir leo úsáid fheidhmiúil a bhaint as an méid a fhoghlaimíonn siad.
- Moltar plean na Gaeilge a fhorbairt tuilleadh ionas go mbeadh cur chuige níos comhtháite i gceist sna scéimeanna oibre.
- Moltar clár imeachtaí comhchuraclaim agus traschuraclaim a eagrú don Ghaeilge chun próifíl níos airde a thabhairt don teanga sa scoil.

RÉAMHRÁ

Tá Coláiste Cois Siúire ag feidhmiú faoi choimirce Choiste Gairmoideachais Chill Chainnigh. Tá rollúchán reatha de 140 scoláire sa scoil agus cuirtear na cláracha oideachais seo a leanas ar fáil don phobal: an Teastas Sóisearach, an Ardteistiméireacht bhunaithe, Gairmchlár na hArdteistiméireachta agus roinnt cúrsaí iar-Ardteistiméireachta.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí úsáid na Gaeilge mar theanga bhainistíochta, mhúinte agus chaidrimh go maith ar an iomlán sna ranganna a breathnaíodh. Baineadh úsáid as an aistriúchán go Béarla i gcúpla cás, áfach, nuair nach raibh gá leis. Ba cheart do na múinteoirí polasaí a aontú ina measc féin i leith úsáid na sprioctheanga agus straitéisí eile chun tuiscint na scoláirí a chinntiú, seachas úsáid an aistriúcháin, a phlé.
- Cuireadh aidhmeanna agus spriocanna foghlama in airde ag tús roinnt de na ceachtanna agus i gcás amháin a breathnaíodh chuathas siar ar na haidhmeanna sin ag deireadh na tréimhse. Is dea-chleachtas é sin. Moltar an cur chuige seo a leathnú chuig na ceachtanna go léir.
- Bhí éagsúlacht mhaith ghníomhaíochtaí mar chuid de na ranganna go léir agus bhí luas maith leis an múinteoireacht dá bharr. Cé gur baineadh úsáid as obair bheirte agus as obair ghrúpa i gcúpla cás, níor cuireadh dótháin fíordheiseanna cumarsáide ar fáil sa sprioctheanga. Ní mór do na múinteoirí a chinntiú go mbíonn neart deiseanna cainte sa Ghaeilge ar fáil do scoláirí le linn na gceachtanna.
- Ba cheart a chinntiú freisin go n-eascraíonn fíordheiseanna cumarsáide as gníomhaíochtaí cosúil le hobair bheirte agus obair ghrúpa. Moltar ceisteanna, agus más gá freagraí, samplacha a chur ar fáil do scoláirí má tá obair bheirte ar siúl le cinntiú gur féidir leo dul i mbun na cainte sa sprioctheanga agus an tacaíocht chuí acu. Is féidir gnéithe den tacaíocht seo a bhaint de réir a chéile ag brath ar inniúlacht teanga na scoláirí.
- Baineadh úsáid theoranta as TFC le linn ceachtanna áirithe. Moltar an úsáid sin go mór ach is gá úsáid na háise luachmhaire seo a leathnú chuig na ceachtanna go léir agus scóip na húsáide sin a mhéadú freisin.
- Ní mór úsáid a bhaint as réimse leathan áiseanna agus ábhair chun foghlaim na Gaeilge a dhéanamh níos taitneamhaí agus níos spéisiúla do scoláirí lena n-áirítear: na meáin chumarsáide chlóite Ghaeilge, podchraoltaí, cláracha teilifíse agus raidió, ceol, póstaeir, grianghraif, scannáin agus aon ábhair eile a bheadh tarraingteach do déagóirí agus a chabhródh leo ábhar na gceachtanna a chur i gcomhthéacs comhaimseartha.
- Ceartaíodh foghraíocht na scoláirí ó am go chéile le linn ceachtanna áirithe ach is gá an cleachtas seo a leathnú chuig na ceachtanna go léir. Baineadh úsáid as an athrá le cinntiú go raibh scoláirí in ann focail agus frasaí nua a fhuaimniú agus a rá i gceart i gcás amhain a breathnaíodh. Is gá an cleachtas seo a leathnú freisin chun cur le féinmhuinín na scoláirí agus lena hinniúlacht i labhairt na teanga. Moltar do mhúinteoirí a bheith cúramach freisin faoi bhotúin ghramadaí a aithint agus a cheartú.
- Bhí dea-atmaisféar oibre le sonrú le linn na gceachtanna go léir agus bhí formhór na scoláirí ag obair go díograiseach. Shiúil múinteoirí timpeall na seomraí ranga ag cabhrú le scoláirí agus ag cinntiú go raibh an obair á cur i gcrích.

- Cuireadh eochairfhocail in airde ar an gclár bán do scoláirí i gceachtanna áirithe agus bhí fallaí na seomraí ranga maisithe le hábhair chuí chun tacú leis an bhfoghlaim. I gcás amháin scaipeadh bileog saothair dea-chumtha ar na scoláirí.
- Go ginearálta, áfach, ba cheart níos mó nótaí agus ábhair thacaíochta eile a chur ar fáil do scoláirí sa rang chun tacú le forbairt na litearthachta. Moltar a thaispeáint do scoláirí conas foclóirí ar líne a úsáid sa rang d'fhonn cur ar a gcumas iad a úsáid sa bhaile.
- Bhí go leor oibre le feiceáil sna cóipleabhair a breathnaíodh agus fianaise le feiceáil freisin go ndéantar iad a cheartú go rialta.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar don Ghaeilge ar thráthchlár na scoile sásúil go maith le cúig thréimhse sa tseachtain ar fáil do gach bliainghrúpa.
- Déantar Seachtain na Gaeilge a cheiliúradh le líon teoranta imeachtaí. Tugadh go leor moltaí, le linn na cigireachta, d'fhoireann na Gaeilge agus do bhainistíocht na scoile maidir le clár imeachtaí eischuraclaim agus traschuraclaim a leagan amach a chabhródh leo próifíl níos airde a thabhairt don teanga sa scoil.
- Déantar scileanna cumarsáide na scoláirí a mheas go foirmeálta sa chéad, dara agus cúigiú bliain. Moltar na múinteoirí as an obair seo agus moltar an dea-chleachtas a leathnú chuig na bliainghrúpaí eile chomh maith. Ba cheart torthaí na dtrialacha béil seo a chur ar fáil do thuismitheoirí sna tuairiscí scoile.
- Freastalaíonn na múinteoirí ar na cúrsaí a chuireann an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéál don Ghaeilge ar fáil agus moltar an cleachtas sin.
- Tagann na múinteoirí le chéile uair sa bhliain chun iarratas a dhearadh le cur faoi bhráid an phríomhoide do cheannach acmhainní teagaisc. Moltar feardal ábhair agus acmhainní teagaisc do mhúineadh na Gaeilge a chur le chéile agus go gcuirfí leis an líon ábhar sin de réir a chéile. Ba cheart go mbeadh an feardal sin mar chuid den phlean don Ghaeilge.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá comhordaitheoir ar phleanáil do mhúineadh agus foghlaim na Gaeilge ainmnithe ar bhonn sinsireachta sa scoil. Moltar an fhreagracht seo a mhalartú idir múinteoirí chun deis a thabhairt do chách ról ceannródaíoch a ghlacadh i leith na pleanála don teanga sa scoil.
- Tagann an fhoireann Ghaeilge le chéile go minic le linn na scoilbhliana chun plé a dhéanamh ar réimse ceisteanna a bhaineann le múineadh na teanga. Coimeádtar miontuairiscí.
- Moltar an obair a rinneadh go dáta ar an bplean do mhúineadh na teanga. Moltar an plean a fhorbairt de réir a chéile agus scéimeanna oibre chomhtháite a dhearadh a chuimseodh na nithe seo a leanas: liosta topaicí, modheolaíochtaí, acmhainní teagaisc, spriocanna foghlama, forbairt straitéisí litearthachta agus huimhearthachta agus modhanna measúnaithe.
- Déantar gach iarracht sa scoil na scoláirí a spreagadh le fanacht i mbun an leibhéil is airde foghlama de réir a gcumas. Tá an líon scoláirí a thógann an ardleibhéal sa Ghaeilge sna scrúduithe stáit le moladh.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

Foilsithe Samhain 2012